Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Bealtaine 2018**
**(OR. en)**

**9014/1/18**
**REV 1**

**JEUN 60**
**MIGR 64**
**SOC 254**
**EDUC 162**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8301/18 REV2 JEUN 48 MIGR 51 SOC 213 EDUC 134 |
| Ábhar: | Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir leis an ról atá ag daoine óga i dtaobh aghaidh a thabhairt ar na dúshláin dhéimeagrafacha laistigh den Aontas Eorpach |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn na conclúidí ón gComhairle maidir leis an ról atá ag daoine óga i dtaobh aghaidh a thabhairt ar na dúshláin dhéimeagrafacha laistigh den Aontas Eorpach, a ghlac an Chomhairle ag an 3617ú cruinniú a bhí aici ar an 22 Bealtaine 2018.

# Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir leis an ról atá ag daoine óga i dtaobh aghaidh a thabhairt ar na dúshláin dhéimeagrafacha laistigh den Aontas Eorpach

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID A LEANAS:

AG MEABHRÚ DI

1. An cúlra polaitiúil a bhaineann leis an tsaincheist seo, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis na conclúidí seo.

2. 'Todhchaí na hEorpa agus an óige - fás eacnamaíoch agus comhtháthú sóisialta', atá ar cheann de na ceithre thosaíocht fhoriomlána Uachtaránacht na Bulgáire ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh.

TUGANN SÍ AN MÉID SEO A LEANAS DÁ hAIRE

3. Na tionscnaimh pholaitiúla atá laistigh den Aontas Eorpach, amhail an creat athnuaite don chomhar Eorpach i réimse na hóige (Straitéis AE i leith na hÓige 2010-2018), Erasmus +, an Ráthaíocht don Aos Óg, an Tionscnamh Fostaíochta don Aos Óg agus Comhpháirtíocht an Aosa Óig le Comhairle na hEorpa, lena léirítear na cineálacha éagsúla cur chuige i dtreo sochaí a fhorbairt ina ndéantar cumas gach duine óig a fhorbairt agus ina sealbhaíonn siad na scileanna a bhíonn ag teastáil chun go mbeidh rath orthu mar shaoránaigh i sochaí dhaonlathach agus ina saol oibre agus ina saol príobháideach, beag beann ar a gcúlra.

4. Conclúidí ó Chomhairle Eorpach mhí na Nollag 2017, inar iarr Cinn Stáit nó Rialtais ar na Ballstáit, ar an gComhairle agus ar an gCoimisiún *inter alia* 'borradh a chur faoin tsoghluaisteacht agus faoi mhalartuithe' san Aontas.

5. Tuarascáil bhliantúil 2016 maidir le soghluaisteacht an lucht saothair laistigh den Aontas a foilsíodh i mí na Bealtaine 2017.

AITHNÍONN SÍ AN MÉID SEO A LEANAS

6. Tá dúshláin dhéimeagrafacha romhainn anseo san Aontas Eorpach, i ngeall, i bpáirt, ar an méadú ar an tsoghluaisteacht i dtíortha agus idir tíortha, i ngeall ar an daonra a bheith ag dul in aois agus i ngeall freisin ar an éagobhsaíocht atá i réigiúin éagsúla agus ar an ngéarchéim airgeadais agus eacnamaíoch.

7. Is cosúil gurb é an t-aos óg is mó a bheidh thíos leis na dúshláin dhéimeagrafacha sin. Tá an dífhostaíocht i measc na hóige ard go maith fós[1] i mBallstáit áirithe, in ainneoin na n-iarrachtaí a rinneadh chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb sin ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon, amhail bunú na Ráthaíochta don Aos Óg. D'fhéadfadh sé go gcinnfeadh daoine óga a gceantar dúchais a fhágáil chun dul i mbun staidéir nó dul i mbun oibre thar lear, ar chúiseanna éagsúla amhail iarmhairtí na géarchéime eacnamaíche, dífhostaíocht i measc na hóige nó ar a rogha féin, agus iad ag iarraidh dul chun cinn níos fearr a dhéanamh ó thaobh forbairt phearsanta agus nó/forbairt ghairmiúil de.

8. Prionsabal bunúsach laistigh den Aontas is ea saor-shoghluaisteacht daoine óga agus príomhionstraim is ea í chun comhthuiscint agus comhpháirtíocht a chur chun cinn, ós rud é go dtugtar an t-eolas agus na scileanna ábhartha do dhaoine óga, a d'fhéadfadh a bheith ina gcuidiú acu tuiscint leathan a fháil ar na dearcthaí éagsúla ar an saol agus ar na cásanna difriúla a d'fhéadfadh a bheith os a gcomhair. Lena chois sin, cuireann an tsaor-shoghluaisteacht leis an tuiscint atá againn ar an bhféiniúlacht Eorpach agus ar luachanna na hEorpa.

9. Tá sé ríthábhachtach an chomhpháirtíocht atá ann cheana a fhorbairt tuilleadh i measc na bpáirtithe leasmhara laistigh d'earnáil na hóige agus níos faide ná sin, nuair is féidir agus aon áit ar féidir, d'fhonn an teacht aniar, an chothromaíocht agus an cothromas a chothú laistigh den Aontas. Ós amhlaidh atá, is den tábhacht luachanna coiteanna na hEorpa a chur chun cinn tuilleadh mar chroíphrionsabal chun comhtháthú sóisialta agus folláine daoine óga a chothú, go háirithe iad siúd ar lú na deiseanna acu.

---

1 http://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php/Unemployment_statistics

AITHNÍONN SÍ AN MÉID SEO A LEANAS

10. Is fíorthábhachtach an rud í soghluaisteacht daoine óga ó thaobh a bhforbairt phearsanta agus a bhforbairt ghairmiúil de. Tagann an tsoghluaisteacht leis an tuiscint idirchultúrtha atá acu agus cuireann sí leis an dearcadh a bhíonn ag daoine óga ar an saol ionas gur féidir leo saol a chaitheamh i sochaí chomhionann chomhcuí. D'fhéadfadh sé go mbeadh tionchar ag an tsaorghluaiseacht sa tír féin ag an am céanna, mar shampla, ar phobal beag daoine óga i gceantair thuaithe áirithe.

11. Ach na scileanna riachtanacha saoil a shealbhú, féadfaidh an tsoghluaisteacht foghlama cur leis an tuiscint atá ag daoine óga ar an tsaoránacht ghníomhach agus ar an dlúthpháirtíocht, ar na cearta atá acu agus ar na freagrachtaí atá orthu, ar an aitheantas agus ar an urraim a thugann siad do luachanna daonlathacha agus don éagsúlacht chultúrtha, agus ar an tsaoirse cainte agus creidimh a ráthaítear dóibh.

12. Cé acu a chinneann daoine óga fanacht sa tír óstach nó filleadh ar a gceantar dúchais, ba cheart a chur ar a gcumas cónaí i dtimpeallacht chuimsitheach, inar furasta dóibh cur leis an tsochaí sin leis na scileanna nua a d'fhoghlaim siad a bhuí lena tsaorghluaiseacht laistigh den Aontas Eorpach. D'fhéadfadh go rachadh sé sin chun sochair do dhaoine óga ina bhforbairt phearsanta agus ina bhforbairt ghairmiúil agus sa ról gníomhach atá acu sa tsochaí ina gcinneann siad cur fúthu.

CUIREANN SÍ AN MÉID SEO A LEANAS I dTREIS

13. Cuidíonn treoir ghairmiúil go mór le daoine óga na hinniúlachtaí atá acu a aithint agus cinntí eolasacha a dhéanamh. Is den tábhacht é scileanna ábhartha a chur ar dhaoine óga, amhail a bheith inniúil ó thaobh cumarsáide agus teanga agus inniúil ar bhonn idirchultúrtha, ionas gur furasta dóibh teacht isteach ar an saol ina gceantar dúchais nó sna tíortha óstacha. Ar an ábhar sin, tá an obair óige ríthábhachtach agus í mar cheann de na príomhionstraimí chun scileanna tábhachta saoil a fhorbairt a bhíonn ag teastáil chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin eacnamaíocha, pholaitiúla, shóisialta agus chultúrtha a d'fhéadfadh teacht chun cinn agus soghluaisteacht daoine óga a mhéadú. D'fhéadfadh go mbeadh tionchar aige sin freisin ar an teacht atá acu ar fhostaíocht ar ardchaighdeán, ar an gcuimsiú sóisialta agus ar an tsaoránacht ghníomhach.

14. Leis an obair óige agus an fhoghlaim neamhfhoirmiúil agus an fhoghlaim fhoirmiúil, ba cheart go gcuideofaí le daoine óga barr a gcumais a bhaint amach agus tacú leo saol pearsanta, sóisialta agus oibre atá fónta táirgiúil a ghnóthú, beag beann ar cé acu a chinneann siad fanacht sa tír óstach nó filleadh ar a gceantar dúchais.

15. Bheadh tuiscint níos fearr againn ar chúrsaí dá mbeadh tuilleadh faisnéise agus tuilleadh sonraí leordhóthanacha againn maidir leis na dúshláin atá os comhair na ndaoine óga mar thoradh ar an tsoghluaisteacht mhéadaithe.

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

16. Comhpháirtíochtaí agus deiseanna trasearnála a spreagadh chun gur féidir cuimsiú agus/nó lánpháirtiú éifeachtach daoine óga a chur ar fáil, de réir mar is iomchuí, agus iad sa tír óstach nó ag filleadh abhaile.

17. Obair don óige agus obair ar son daoine óga agus in éineacht leo a chothú i dtaobh scileanna saoil daoine óga a fhorbairt, lena n-áirítear inniúlachtaí cumarsáide agus teanga, chun gur fearr is féidir leo bheith rannpháirteach sa saol poiblí agus sa saol sibhialta i gcomhthéacs Eorpach.

18. Féachaint an bhféadfaí an plé seo a leanas a áireamh agus a leathnú a thuilleadh: an plé maidir leis an tionchar a bhíonn ag na dúshláin dhéimeagrafacha atá roimh dhaoine óga san Aontas.

19. Tarraingteacht na limistéar mídheisiúil a chur chun cinn, lena n-áirítear deiseanna oideachais agus fostaíochta agus áiseanna agus seirbhísí do dhaoine óga.

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AGUS AR AN gCOIMISIÚN EORPACH, LAISTIGH DÁ RÉIMSE INNIÚLACHTA FAOI SEACH, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

20. Rochtain ar shonraí agus dáileadh sonraí a éascú mar aon le malartú dea-chleachtas chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin dhéimeagrafacha a leanann saor-shoghluaisteacht daoine óga, agus é sin a dhéanamh trí bhealaí éagsúla, lena n-áirítear Tuarascáil an Aontais um an Óige, an Vicí don Óige agus bealaí agus ardáin sheanbhunaithe eile nach iad.

21. Cuimhneamh ar imeacht idirnáisiúnta a eagrú idir na Ballstáit agus na páirtithe leasmhara chun féachaint tuilleadh ar an tionchar a bhíonn ag na dúshláin dhéimeagrafacha a leanann saorghluaiseacht daoine óga.

22. Leanúint den obair i gcomhar le chéile lena áirithiú go ngníomhófar de réir na gconclúidí sin i gcomhthéacs na hoibre leanúnaí maidir le gnéithe straitéiseacha don chomhar Eorpach i réimse na hóige agus níos faide anonn.

23. Tarraingteacht na limistéar mídheisiúil a chur chun cinn, trí úsáid a bhaint as Cistí Réigiúnacha na hEorpa, i gcás inarb iomchuí.

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN EORPACH:

24. Féachaint an bhféadfaí gach uile chineál plé a chothú idir daoine óga atá ina gcónaí lasmuigh dá gceantar dúchais agus freisin le daoine óga ó thíortha óstacha le tacaíocht ó líonra idirnáisiúnta na hóige, EURODESK, atá fud fad an Aontais Eorpaigh nó trí líonraí eile seanbhunaithe nach iad.

25. Céim an ullmhúcháin a choinneáil agus a fhorbairt tuilleadh (lena n-áirítear oiliúint teanga agus feasacht idirchultúrtha) a mhéid a bhaineann le cláir soghluaisteachta an Aontais do dhaoine óga.

## IARSCRÍBHINN A GHABHANN LEIS AN IARSCRÍBHINN

Agus na conclúidí seo á nglacadh aici, MEABHRAÍONN an Chomhairle go háirithe an méid seo a leanas:

1. Moladh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hinniúlachtaí lárnacha don fhoghlaim ar feadh an tsaoil - IO L 394, 2014
2. Moladh ón gComhairle maidir leis an bhfoghlaim neamhfhoirmeálta agus neamhfhoirmiúil a bhailíochtú - IO C 398, 2011
3. Conclúidí ón gComhairle maidir leis an méid a chuirtear, trí obair don óige ar ardcháilíocht, le forbairt, leas agus cuimsiú sóisialta daoine óga - IO C 168, 2013
4. Conclúidí ón gComhairle maidir le feabhas a chur ar chuimsiú sóisialta daoine óga nach bhfuil fostaithe nó nach bhfuil páirteach san oideachas ná san oiliúint - IO C 30, 2013
5. Conclúidí ón gComhairle maidir leis an obair don óige a neartú chun sochaithe comhtháite a áirithiú - IO C 170, 2015
6. Rún ón gComhairle maidir le daoine óga a ghríosú le bheith rannpháirteach sa pholaitíocht i saol daonlathach na hEorpa - IO C 147, 2015
7. An Tuarascáil Chomhpháirteach ón gComhairle agus ón gCoimisiún maidir le cur chun feidhme an chreata athnuaite don chomhar Eorpach i réimse na hóige (2010-2018) - IO C 41, 2009
8. Tuarascáil bhliantúil 2016 maidir le soghluaisteacht an lucht saothair laistigh den Aontas, a foilsíodh i mí na Bealtaine 2017
9. Conclúidí na Comhairle mhí na Nollag 2017, Cinn Stáit nó Rialtais - EUCO 19/1/17
10. Conclúidí ón gComhairle maidir le ról na hoibre don óige chun tacú le daoine óga scileanna riachtanacha saoil a fhorbairt, le gur fusa dóibh aghaidh a thabhairt ar an saol mar dhaoine fásta agus mar shaoránaigh ghníomhacha agus le gur fusa dóibh freisin tabhairt faoi shaol na hoibre – IO C 189, 2017
11. Clár oibre nua scileanna
12. Moladh ón gComhairle maidir le Ráthaíocht don Aos Óg a bhunú - IO C 120, 2013